COSAINT CEART BUNÚSACH IN AE

Tá an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Chun a áirithiú go dtugtar urraim do na luachanna sin, déanann foráil in Airteagal 7 CAE do shásra AE chun a chinneadh cibé an bhfuil sáruithe tromchúiseacha agus leanúnacha ann, arna dhéanamh ag Ballstát, agus smachtbhanna féideartha a chinneadh, agus cuireadh an sásra sin i ngníomh don chéad uair le déanaí. Tá AE faoi cheangal freisin ag a Chairt um Chearta Bunúsacha, ina leagtar amach na cearta sin is gá don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit araon a urramú le linn dóibh dlí AE a chur chun feidhme. Tá AE faoi cheangal freisin aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

Ó CHOSAINT BHREITHIÚNACH AR CHEARTA BUNÚSACHA GO CÓDÚ SNA CONARTHAÍ

Cruthaíodh na Comhphobail Eorpacha (CE) (an tAontas Eorpach inniu) i dtosach mar eagraíocht idirnáisúnta ag a raibh, go bunúsach, raon feidhme eacnamaíoch. Dá bhrí sin, níor airíodh go raibh gá le rialacha sainráite i leith cearta bunúsacha a urramú, ar cearta iad nach raibh luaite ar feadh tamall fada sna Conarthaí, agus measadh go raibh siad á ráthú faoin gCoinbhinsiún Eorpach 1950 chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR), a bhí sínithe ag na Ballstáit.

Chomh luath a dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) prionsabail na héifeachta dírí agus phríomhacht an dhlí Eorpach, áfach, ach a dhiútaigh comhoiriúint na gcinntí le dlí náisiúnta agus bunreachtúla na mBallstáit a scrúdú, (Stork, Cás 1/58; Ruhrkohlen-Verkaufsgesellschaft, cásanna uamtha 36, 37, 38-59 agus 40-59), thosaigh cúirteanna naisiúnta áirithe ag cur a n-imní in iúl mar gheall ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cás dlí mar sin ar chosaint luachanna bunreachtúla amhail cearta bunúsacha. Dá mba rud é go raibh an dlí Eorpach i réim fiú ar dhlí bunreachtúla inmheánach, d'fhéadfadh gurbh fhéidir cearta bunúsacha a shárú. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca teoiriciúil sin, in 1974 ghlac cúirteanna bunreachtúla na Gearmáine agus na hIodáile faoi seach breithiúnas inar dheimhnigh siad a gcuid cumhachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí Eorpach chun a chomhleanúnachas le cearta bunreachtúla a áirithiú (Solange I; Frontini). Mar thoradh air sin, dhearbhaigh CBAE trína cásdlí an prionsabal maidir le cearta bunúsacha a urramú, trína maíomh go dtugtar cosaint do chearta bunúsacha i bprionsabail ghinearálta dhlí an Chomhphobail, arna gcosaint ag an gCúirt (Stauder, Cás 29-69).

Faigheann siad inspioráid ó thraidisiúin bhunreachtúla chomhchoiteanna na mBallstát (Internationale Handelsgesellschaft, Cás 11-70) agus ó chonarthaí idirnáisiúnta chun cearta an duine a chosaint, a bhfuil Ballstáit páirteach iontu, (Nold, Cás 4-73), arb é ECHR ceann acu (Rutili, Cás 36-75).

Le fás méadaitheach ar inniúlachtaí AE maidir le beartais a bhfuil tionchar díreach acu ar chearta bunúsacha – amhail ceartas agus gnóthaí baile (CGB), a d'fhorbair ina dhiaidh sin ina réimse lánfheidhme chun saoirse, slándáil agus ceartas (AFSJ) a bhaint amach – athraíodh na Conarthaí chun AE a nascadh go daingean le cosaint ceart bunúsach. Áirithíodh i gConradh Maastricht tagairt do ECHR agus traidisiúin bhunreachtúla chomhchoiteanna na mBallstát mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, agus san am céanna dearbhaíodh i gConradh Amstardam na 'prionsabail' Eorpacha ar a bhfuil AE fothaithe (i gConradh Liospóin, 'luachanna' de réir mar a liostaítear in Airteagal 2 CAE) agus cruthaíodh nós imeachta chun na cearta dá bhforáiltear sna Conarthaí a chur ar fionraí i gcásanna sáruithe tromchúiseacha agus leanúnacha ar chearta bunúsacha ag Ballstát. Is iad dréachtú na Cairte um Chearta Bunúsacha agus a cur chun feidhme i dteannta Chonradh Liospóin, na forbairtí is déanaí i bpróiseas an chódaithe a bhfuil sé d'aidhm aige cosaint ceart bunúsach in AE a áirithiú.

AONTACHAS AE LEIS AN GCOINBHINSIÚN EORPACH CHUN CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ BUNÚSACHA A CHOSAINT (ECHR)

Ós rud é gurb é ECHR an phríomhionstraim chun cearta bunúsacha a chosaint san Eoraip, lenar aontaigh na Ballstáit uile, tháinig aontachas CE le ECHR chun solais mar réiteach loighiciúil ar an ngá le CE a nascadh le hoibleagáidí ceart bunúsach. Rinne an Coimisiún Eorpach aontachas CE le ECHR a mholadh arís agus arís eile (in 1979, 1990 agus 1993). Chinn an Chúirt Bhreithiúnas in 1996, nuair a iarradh tuairim uirthi, ina tuairim 2/94, nach raibh foráil sa Chonradh maidir le haon inniúlacht don CE rialacha ar chearta an duine a achtú ná coinbhinsiúin idirnáisiúnta sa réimse sin a thabhairt chun críche, rud a d'fhág an t-aontachas dodheánta ó thaobh an dlí de. Leigheasadh an scéal le Conradh Liospóin trí thabhairt isteach Airteagal 6(2), lena ndearnadh aontachas AE le ECHR éigeantach. Chiallaigh sé sin (mar ab amhlaidh cheana do na Ballstáit) go mbeadh AE, i dtaca le hurraim do chearta bunúsacha, faoi réir athbhreithnithe ag comhlacht dlíthiúil seachtrach, eadhon Cúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR). Tar éis an aontachais, bheadh saoránaigh AE, mar aon le náisiúnaigh ó thríú tíortha atá i láthair ar chríoch AE, in ann agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ag AE ós comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine go díreach ar bhonn fhorálacha ECHR, ar an mbealach céanna go bhféadfaidís agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ag Ballstáit AE.

In 2010, díreach tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, chuir AE tús leis an gcaibidlíocht le Comhairle na hEorpa ar dhréacht-Chomhaontú Aontachais, a cuireadh i gcrích i mí Aibreáin 2013. I mí Iúil 2013, d'iarr an Coimisiún ar CBAE rialú ar chomhoiriúnacht an comhaontaithe sin leis na Conarthaí. An 18 Nollaig 2014, d'eisigh CBAE tuairim dhiúltach ag maíomh go bhféadfadh an dréacht-chomhaontú a bheith ina chúis do dhochar a dhéanamh do shaintréithe sonracha agus neamhspleáchas dhlí an

Aontais (Tuairim 2/13). Tá plé ar siúl faoi láthair maidir le conas na saincheisteanna a ardaíodh ag CBAE a réiteach agus leanúint ar aghaidh leis an gcaibidlíocht.

CAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN AONTAIS EORPAIGH

I gcomhthráth leis an sásra grinnscrúdaithe 'seachtrach' dá bhforáiltear le haontachas CE le ECHR chun comhréireacht na reachtaíochta agus na mbeartais le cearta bunúsacha a áirithiú, bhí gá le sásra grinnscrúdaithe 'inmheánach' ar leibhéal CE chun seiceáil bhreithiúnach tosaigh agus neamhspleách le CBAE a cheadú. Chun go dtarlódh a leithéid, bhí gá le bille na gceart a bhí spriocdhírithe ar AE, agus ag an gComhairle Eorpach in Köln in 1999 cinneadh Coinbhinsiún a thionóil chun Cairt um Chearta Bunúsacha a dhréachtú.

D'fhógair an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún an Chairt go sollúnta in Nice sa bhliain 2000. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh uirthi, fógraíodh arís í in 2007. Níor tháinig an Chairt i bhfeidhm go díreach, áfach, gur glacadh Conradh Liospóin an 1 Nollaig 2019 de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 6(1) CAE, agus, dá bhrí sin, rinneadh foinse cheangailteach den dlí príomha di.

Bhí an Chairt sin nuálach i mbealaí éagsúla, cé go raibh sí bunaithe ar ECHR agus ionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile, go háirithe toisc go n-áirítear inti, i measc saincheisteanna eile, míchumas, aois agus gnéaschlaonadh mar fhorais idirdhealaithe coiscthe, mar aon le rochtain ar dhoiciméid, cosaint sonraí agus dea-rialachas a chumhdach sna cearta bunúsacha atá á ndearbhú léi.

Cé go bhfuil raon feidhme na Cairte an-leathan ar thaobh amháin, toisc go ndeontar do 'chách' formhór na gceart a aithnítear léi, gan beann ar náisiúntacht ná stádas, ar an taobh eile, teorannaítear cur chun feidhme Airteagal 51 d'institiúidí agus comhlachtaí AE agus do na Ballstáit, i gcás ina ngníomhaíonn siad chun dlí AE a chur chun feidhme. Is é is aidhm don fhoráil sin an teorainn idir raon feidhme na Cairte agus raon feidhme na mbunreachtanna náisiúnta agus ECHR a léiriú.

AIRTEAGAL 7 CAE, AN CHREAT UM AN SMACHT REATHA AGUS AN TIMTHRIALL ATHBHREITHNIÚCHÁIN

Le Conradh Amstardam, cruthaíodh sásra smachtbhannaí nua chun go n-áiritheofar go bhfuil cearta bunúsacha, mar aon le prionsabail agus luachanna Eorpacha eile amhail an daonlathas agus an smacht reachta, á n-urramú ag Ballstáit AE thar na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos le hinniúlachtaí AE. Ciallaíonn sé sin go mbeadh an chumhacht tugtha do AE idirghabháil a dhéanamh i gcás 'shárú tromchúiseach agus leanúnach' na luachanna sin, i réimsí a bhfágfaí faoi na Ballstáit seachas sin. Mhol Parlaimint na hEorpa sásra comhchosúla roimhe sin den chéad uair i dtéacs dréachtchonartha AE dá cuid in 1984. Cuireadh céim choisctheach leis le Conradh Nice, i gcás 'riosca soiléir de shárú tromchúiseach' ar luachanna AE i mBallstát. Bhí sé d'aidhm ag an nós imeachta sin a áirithiú go mbeadh an chosaint ar chearta bunúsacha, mar aon le cosaint an daonlathais, na smachta reachta agus ceart mionlach, de réir mar a áirítear iad i measc chritéir Chóbanhávan le haghaidh aontachas Ballstát nua,

go mbeidís fós bailí tar éis an aontachais freisin, agus i gcomhair gach Ballstáit ar an mbealach céanna.

Déantar foráil ar 'chéim choisctheach' i mír 1 d'Airteagal 1 CAE, lena dtugtar cumhacht don tríú cuid de Bhallstáit, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún nós imeachta a thionscnamh inar féidir leis an gComhairle a chinneadh trí thromlach ceithre chúigiú gurb ann do 'riosca soiléir de shárú tromchúiseach' i mBallstát ar luachanna AE arna leagan síos in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear urraim do chearta an duine, dínit an duine, saoirse agus comhionannas agus cearta an duine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Sula ndéanfar cinneadh mar sin, ní mór go dtabharfar éisteacht don Bhallstát i dtrácht agus go ndéanfar moltaí don Bhallstát i dtrácht, agus beidh ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt trí thromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh agus tromlach glan dá gcomhaltaí inniúla (Airteagal 354(4) CFAE). . Rinneadh an nós imeachta sin, ar nós imeachta coisctheach é, a ghníomhachtú le déanaí ag an gCoimisiún maidir leis an bPolainn, agus ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an Ungáir.

Déantar foráil in Airteagal 7.2 agus in Airteagal 7.3 CAE, i gcás 'gurb ann do riosca soiléir de shárú tromchúiseach' ar luachanna AE, féadfaidh an Coimisiún nó aon trian de na Ballstáit (seachas an Pharlaimint), 'sásra smachtbhannaí'a thionscnamh tar éis cuireadh a thabhairt don Bhallstát i dtrácht a bharúlacha a chur isteach. Cinneann an Chomhairle Eorpach d'aontoil gurb ann don sárú, tar éis di toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil tríd an tromlach céanna a theastaíonn don sásra coisctheach. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a dhéanamh cearta áirithe ballraíochta an Bhallstáit i dtrácht a chur ar fionraí, lena n-áirítear cearta vótála sa Chomhairle, agus déanfar an méid sin trí thromlach glan. Féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh na smachtbhannaí a mhodhnú nó a chúlghairm, agus arís, déanfar an méid sin trí thromlach glan. Ní ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann páirt sna vótaí sa Chomhairle ná sa Chomhairle Eorpach.

Leis an mbearna a líonadh idir gníomhachtú nósanna imeachta Airteagal 7 CAE atá deacair ó thaobh na polaitíochta de (a úsáidtear chun dul i ngleic le cásanna lasmuigh de raon feidhme dhlí AE) agus nósanna imeachta sáruithe ag a bhfuil tionchar teoranta (a úsáidtear i gcásanna laistigh de raon feidhme dhlí AE), sheol an Coimisiún 'Creat AE nua chun an Smacht Reachta a neartú' in 2014. Tá sé d'aidhm ag an gcreat sin a áirithiú go gcosnófar go héifeachtach agus go comhleanúnach an smacht reachta, ar réamhriachtanas é chun urraim do chearta bhunúsacha a áirithiú i gcásanna ina ndéantar bagairt chórasach ar na cearta sin. Tagann sé roimh Airteagal 7 CAE agus comhlánaíonn sé é agus foráiltear trí chéim leis: Measúnú an Choimisiúin, i.e. idirphlé struchtúrtha idir an Coimisiún agus an Ballstát, agus Tuairim na Smachta Reachta ina dhiaidh sin, más gá; moladh na Smachta Reachta ón gCoimisiún; agus obair leantach ar an moladh ón mBallstát. Cuireadh an creat sin i bhfeidhm den chéad uair le déanaí i gcás na Polainne.

I mí Iúil 2019, thóg an Coimisiún céim bhreise chun cinn ina theachtaireacht dar teideal 'An Smacht Reachta laistigh den Aontas a Neartú: Treoirphlean gníomhaíochta' (COM(2019)0343) agus sheol sé Timthriall Athbhreithniúcháin ar an Smacht Reachta, ina gcuimsítear Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta ina ndéantar faireachán ar an staid sna Ballstáit maidir leis an smacht reachtach, arb é an bunús é d'idirphlé idirinstitiúideach. Cumhdaítear sa tuarascáil

freisin cosaint bhreithiúnach ó chúirteanna neamhspleácha, scaradh na gcumhachtaí agus forfheidhmiú dhlí AE, chomh maith le héilliú, iolrachas sna meáin agus toghcháin. Tugtar aghaidh freisin sa tuarascáil ar Scórchlár Ceartais AE a mhéadú go gcuimsítear ní hamháin an ceartas sibhialta ach an ceartas coiriúil agus an ceartas riaracháin freisin, ar líonra de phointí teagmhála náisiúnta a chur ar bun chun faisnéis a bhailiú agus idirphlé le Ballstáit a chinntiú, agus ar idirphlé le geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhlachtaí Chomhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), líonraí breithiúnacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

IONSTRAIMÍ EILE AE CHUN CEARTA BUNÚSACHA A CHOSAINT

Tá ionstraimí eile ar fáil ag AE a bhfuil mé mar aidhm leo cearta bunúsacha a chosaint.

Le linn dó tionscnamh nua reachtaíochta a mholadh, tugann an Coimisiún aghaidh ar a chomhoiriúnacht le cearta bunúsacha trí bhíthin measúnú tionchair, ar gné í a scrúdaíonn an Chomhairle agus an Pharlaimint ina dhiaidh sin freisin. Sa bhreis air sin, foilsíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha, a scrúdaítear agus a ndéantar díospóireacht uirthi agus a nglactar conclúidí ina leith sa Chomhairle agus sa Pharlaimint, faoi chuimsiú a tuarascáil bhliantúil ar cás na ceart bunúsach in AE. Ó 2014 i leith, reáchtálann an Chomhairle idirphlé bliantúil i measc na mBallstát ar fad laistigh den Chomhairle chun an smacht reachta a chur chun cinn agus a choimirciú agus dírítear ar ábhar éagsúil gach bliain. I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déantar faireachán ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha agus féadfaidh siad a bheith ina n-ábhair sna moltaí tír-shonracha. Is iad na réimsí atá i gceist leis sin ná córais bhreithiúnais (bunaithe ar an Scórchlár Ceartais), mar aon le míchumas, cearta sóisialta agus cearta na saoránach (maidir le cosaint ar choireacht eagraithe agus an éillithe). Chomh maith leis sin tá an Bhulgáir agus an Rómáin faoi réir an tSásra Comhair agus Fíorúcháin, a bhfuil gnéithe ann a bhaineann le cearta bunúsacha.

Anuas air sin, mhol an Coimisiún le déanaí Rialachán maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, lena nasctar cistí AE le hurraim don smacht reachta. Má ghlactar é, beifear in ann leis an ionstraim sin brú a chur ar na Ballstáit a sháraíonn cearta bunúsacha.

Ionstraim thábhachtach is ea nósanna imeachta sáraithe chun pionós a ghearradh ar sháruithe ceart bunúsach in AE. Féadfar iad a seoladh i gcásanna nach gcomhlíontar dlí náisiúnta le dlí AE agus cearta bunúsacha arna gcosaint aige, i gcásanna aonair agus sonracha (de bhrí go mbíonn feidhm ag Airteagal 7 i gcásanna a thagann lasmuigh de raon feidhme dhlí AE agus ina mbíonn sáruithe ar cearta bunúsacha córasach agus leanúnach).

Tá ról mór ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), a bunaíodh i Vín in 2007, maidir le faireachán a dhéanamh ar chás na gceart bunúsach in AE. Tá sé de chúram ar FRA faisnéis agus sonraí a bhaineann le cearta bunúsacha a bhailiú, a anailísiú, a scaipeadh agus a mheasúnú. Déanann sé taighde agus suirbhéanna eolaíocha freisin, agus foilsíonn sé tuarascálacha bliantúla agus téamacha ar chearta bunúsacha.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint i gcónaí ag tacú le hurraim treisithe do chearta bunúsacha agus le cosaint threisithe ar chearta bunúsacha in AE. Cheana féin in 1977, ghlac sí i dteannta leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún, Ráiteas Chomhpháirteach ar Chearta Bunúsacha, inar léirigh na trí institiúid a dtiomantas chun urraim do chearta bunúsacha a áirithiú i bhfeidhmiú a gcumhachtaí. In 1979, ghlac an Pharlaimint rún inar moladh go n-aontódh an Comhphobal Eorpach le ECHR.

I ndréachtchonradh 1984 lena mbunaítear an tAontas Eorpach, sonraíodh go gcaithfidh an tAontas cosaint a thabhairt do dhínit an duine aonair agus aitheantas a thabhairt do na cearta agus saoirsí bunúsacha a eascraíonn as prionsabail chomhchoiteanna na bunreachtanna náisiúnta agus ECHR do gach duine a thagann faoina dhlínse. Bhí aontachas an Aontais le ECHR beartaithe ann freisin. I rún an 12 Aibreán 1989, d'fhógair an Pharlaimint gur ghlac sí an Dearbhú um Chearta Bunúsacha agus Saoirsí.

Gach bliain ó 1993 i leith, reáchtáil an Pharlaimint díospóireacht agus ghlac sí rún ar chás na gceart bunúsach in AE, bunaithe ar thuarascáil dar lena Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Sa bhreis air sin, ghlac sí roinnt rún ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sonracha maidir le cosaint ceart bunúsach sna Ballstáit.

Thacaigh an Pharlaimint i gcónaí le AE ó thaobh bille na gceart dá cuid féin a ghlacadh, agus d'iarr sí go mbeadh an Chairt um Chearta Bunúsacha ceangailteach. Baineadh é sin amach faoi dheireadh in 2009 le Conradh Liospóin.

Níos déanaí ná sin, rinne an Pharlaimint roinnt moltaí chun cosaint ceart bunúsach in AE a neartú trí shásraí agus nósanna imeachta nua a mholadh chun na bearna atá ann faoi láthair a líonadh. I rúin éagsúla ó 2012 i leith, d'iarr an Pharlaimint go gcruthófaí coimisiún Chóbanhávan, mar aon le timthriall beartais um chearta bunúsacha Eorpacha, sásra luathrabhaidh, nós imeachta calctha agus neartú FRA.

Sa téacs is déanaí a glacadh ar an ábhar sin, rinne an Pharlaimint comhdhlúthú ar a hiar-thograí agus d'iarr sí go mbunófaí 'Sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha' a bheadh bunaithe ar Chomhshocrú Aontais i bhfoirm comhaontas idirinstitiúideach leis an gCoimisiún agus leis an gComhairle. Bheadh san áireamh ann, timthriall bliantúil beartais arna dréachtú ag an gCoimisiún agus ag painéal saineolaithe, agus díospóireacht pharlaiminteach ina dhiaidh sin agus anuas air sin, socruithe chun dul i ngleic le rioscaí nó sáruithe[1]. D'iarr an Pharlaimint dréacht-chomhaontú nua freisin maidir le haontachas AE le ECHR, agus athruithe ar an gConradh amhail deireadh a chur le hAirteagal 51 den Chairt um Chearta Bunúsacha, go ndéanfaí í a chomhshó go Bille na gCeart de chuid an Aontais, agus go mbainfí an ceanglais aontoilíochta le haghaidh comhionannais agus neamh-idirdhealaithe.

---

[1]Ghlac an Coimisiún seilbh ar go leor de mholtaí na Parlaiminte ina theachtaireacht in 2019 (bunú timthrialla idirinstitiúidigh, le tuarascáil bhliaintúil, faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit maidir leis an smacht reachtach agus ábhair eile), ach níor ghlac i dtaobh moltaí maidir le hiomlán Airteagal 2 CAE a chumhdach (ní hamháin an smacht reachta ach an daonlathas, cearta bunúsacha agus mionlaigh), maidir le coiste saineolaithe neamhspleácha a bhunú, moltaí Ballstát-bhunaithe a eisiúint agus foilsiú tuarascálacha frith-éillithe a atosú.

In 2018, ghlac an Pharlaimint rún ina gcuirtear in iúl gur díol sásaimh di cinneadh an Choimisiúin Airteagal 7(1) CAE a ghníomhachtú i leith na Polainne, mar aon le rún lena seoltar nós imeachta Airteagal 7(1) CAE i leith na hUngáire, trí thogra réasúnaithe a chur faoi bhráid na Comhairle ag iarraidh uirthi a chinneadh cibé an bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE ann, agus chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí iomchuí maidir leis an Ungáir i ndáil leis sin[2].

Ottavio Marzocchi
12/2019

[2]Le tuilleadh eolais a fháil ar ghníomhaíochtaí na Parlaiminte maidir le cearta bunúsacha a rinneadh le déanaí, féach 'Cosaint ceart bunúsach in AE:A bhfuil bainte amach ag Parlaimint na hEorpa le linn théarma reachtach 2014-2019 agus dúshláin don todhchaí'.